Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2495

16.11.2023

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2495 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Samhain 2023**

**lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí poiblí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 6(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/115/AE ([2]), d'fhormheas an Chomhairle an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais ([3]) a tugadh i gcrích faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ionstraim ilpháirtí is ea an Comhaontú leasaithe maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú') agus is é is cuspóir dó margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a chuid páirtithe. Baineann an Comhaontú le haon chonradh soláthair lena mbaineann luach a shroicheann nó a sháraíonn na méideanna a leagtar amach ann ('tairseacha') agus a shloinntear mar chearta tarraingthe speisialta.

(2) Ceann de chuspóirí Threoir 2014/24/AE is ea cead a thabhairt do na húdaráis chonarthacha a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú a chomhlíonadh ag an am céanna. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha a leagtar síos sa Treoir sin chun a áirithiú go mbíonn na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 4, pointí (a), (b) agus (c) de Threoir 2014/24/AE ag comhfhreagairt do na tairseacha a bunaíodh sa Chomhaontú. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2014/24/AE, tá na tairseacha a bunaíodh in Airteagal 13 den Treoir sin le hailíniú leis na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (a) agus (c), den Treoir sin.

(3) Le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach dhá bhliain ar na tairseacha le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na tairseacha do na blianta 2024-2025 ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

(4) Ní féidir tús a chur le ríomh na dtairseach tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair mar gheall ar infhaighteacht sonraí. De réir Airteagal 6(4) den Treoir, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe (in euro) agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta na mBallstát den Aontas Eorpach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag tús mhí na Samhna. I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, tá an Coimisiún chun dul i muinín an nós imeachta práinne chun an rialachán seo a ghlacadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/24/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2014/24/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 538 000' in ionad 'EUR 5 382 000';

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.
([2]) Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).
([3]) IO L 68, 7.3.2014, lch. 2.

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 143 000'; in ionad 'EUR 140 000';

(c) i bpointe (c), cuirtear 'EUR 221 000' in ionad 'EUR 215 000';

(2) in Airteagal 13, leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 538 000' in ionad 'EUR 5 382 000';

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 221 000'; in ionad 'EUR 215 000'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN